# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH 2016 – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00

- Gabhann 40 marc le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, agus i gcás fóiliónna agus dátaí de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is gnólacht pluiméireachta é ÓR Teo. Rinne sé idir bhearta creidmheasa agus bhearta airgid síos le linn mhí na Bealtaine 2016.

**(A)** Déan na bearta creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na nDíolachán agus i Leabhar na gCeannachán de chuid ÓR Teo. do mhí na Bealtaine 2016.

Breac na figiúiri ábhartha ó na leabhair sna Cuntais Mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1/5/2016 | Cheannaigh earraí ar cairde ó LÁMH Teo. | Sonrasc Uimh. 6 | €60,000 + CBL 23% |
| 12/5/2016 | Dhíol earraí ar cairde le SUIM Teo. | Sonrasc Uimh. 94 | €48,000 + CBL 23% |
| 20/5/2016 | Cheannaigh earraí ar cairde ó LÁMH Teo. | Sonrasc Uimh. 17 | €16,000 + CBL 23% |

(14)

**(B)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do mhí na Bealtaine 2016 a thaifeadadh i Leabhar Airgid Anailísithe ÓR Teo.

Breac na figiúirí ábhartha sna Cuntais Mhórleabhair.

Nóta: Úsáid na ceannteidil cholúin airgid seo thíos san anailís ar na Bearta Bainc:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Díolacháin CBL Scairchaipiteal

**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Banc Ceannacháin CBL Creidiúnaithe Árachas

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6/5/2016 | D'infheistigh scairshealbhóirí €110,000 agus lóisteáladh é | | Admháil Uimh. 1 |
| 10/5/2016 | Lóisteáladh díolacháin | €55,350 (€45,000 + CBL €10,350) | |
| 16/5/2016 | Íocadh LÁMH Teo. | Seic Uimh. 20 | €54,000 |
| 27/5/2016 | Ceannacháin le hathdhíol | Seic Uimh. 21 | €38,000 + CBL 23% |
| 31/5/2016 | D'íoc ar árachas | Seic Uimh. 22 | €12,000 |

(16)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar an 31 Bealtaine 2016 agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(10)
**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Díolacháin ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus le Leabharchoimeád.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is é Bainisteoir na gCeannachán ag COSACRUÓGACHA Teo., siopa spóirt, ná Muiris Ó Caoimh, a fuair an Luachan seo a leanas ar an 26 Aibreán 2016.

**COISBHEART Teo., Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo** **Luachan Uimh. 324**

Teileafón: 094 264691 Cláruimhir CBL: IE 8799654
Dáta : 26 Aibreán 2016 Tag. Fiosraithe: ROS

Muiris Uasal Ó Caoimh
Bainisteoir Ceannacháin
COSACRUÓGACHA Teo.Sráid Dhún na nGallSligeach

A Uasail Uí Chaoimh,

Táim buíoch díot as d'fhiosrú. Táim ag seoladh na luachana seo a leanas chugat.

| | |
|---|---|
| 60 péire bróg sacair Traolach de thomhais éagsúla | @ €130 an péire |
| 60 péire bróg reatha Gorm de thomhais éagsúla | @ €70 an péire |
| 50 péire bróg siúil Fóillíocht de thomhais éagsúla | @ €120 an péire |
| 40 péire bróg trá Croca de thomhais éagsúla | @ €20 an péire |

Téarmaí:

| | |
|---|---|
| Lascaine Thrádála | 30% |
| Seachadadh: | saor in aisce |
| Modh Íocaíochta: | Dochar Visa |

Tá 23% CBL ar na hearraí thuas.
Cuirim chugat catalóg istigh leis seo.

Mise, le meas
*Rónán Ó Súilleabháin*, Bainisteoir Díolachán

**(A)** (i) Cad iad na nósanna imeachta ba cheart do COISBHEART Teo. a úsáid nuair a bhíonn said ag próiseáil luachana le cur amach? *Freagair ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Ní raibh Muiris Ó Caoimh sásta le praghas na mbróg sacair Traolach agus níor ordaigh sé ach na hearraí eile a bhí ar an Luachan. Sheol COISBHEART Teo. Sonrasc Uimh. 37 dar dháta 30 Aibreán 2016 chuig Muiris.

Comhlánaigh an Sonrasc bán *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*. (15)

**(B)** Fuair COSACRUÓGACHA Teo. na bróga ar 3 Bealtaine 2016. Ar scrúdú na mbróg do Mhuiris, thug sé faoi deara go raibh na bróga trá Croca scoilte go dona, agus diúltaíodh an choinsíneacht bróg trá Croca ar fad. Nuair a cuireadh an fhadhb seo in iúl do Rónán Ó Súilleabháin ar 7 Bealtaine 2016, sheol sé Nóta Creidmheasa Uimh. 12 chuig COSACRUÓGACHA Teo. do chainníocht na mbróg Croca a cuireadh ar ais.

(i) Déan moladh do COISBHEART Teo. faoi conas a d'fhéadfaidís teacht roimh fhadhbanna, ar nós an chinn thuas, san am atá le teacht. *Freagair ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Ríomh méid na haisíocaíochta a scríobhadh ar an Nóta Creidmheasa. *Freagair ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(iii) Déan eisiúint an Nóta Creidmheasa Uimh. 12 a thaifeadadh i Leabhar na nAischur Isteach de chuid COISBHEART Teo. *ar an mbileog a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.* Taispeáin do chuid oibre.

(25)
**(40 marc)**

**3.** **Baineann an Cheist seo le Costas Seachadta agus le Bunú Brainsí Réigiúnacha**.

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

**(A)** Soláthraí bonn i gCo. Liatroma is ea FEARNAMBONN Teo. a fheidhmíonn 280 lá oibre sa bhliain. Chuir siad an t-eolas seo a leanas ar fáil:

- An fad a thaistealaítear gach lá ná 900 ciliméadar
- Is féidir leis an veain díosail 35 ciliméadar an lítear a dhéanamh
- Is é costas an díosail ná €1.10 an lítear
- Íoctar €900 pá comhlán le Jacinta Ní Sheasáin, an tiománaí, ar sheachtain cúig lá
- Íoctar pá comhlán €380 le Stiofán de Róiste, an cúntóir, ar sheachtain cúig lá
- Is é ráta ÁSPC an Fhostóra 4.25% den phá comhlán
- Is é an liúntas béilí do gach fostaí in aghaidh an lae ná €18
- Is é an t-árachas bliantúil mótair ná €4,200
- Cosnaíonn cáin mhótair bhliantúil €2,520
- Cosnaíonn deisiúcháin bhliantúla mhótair €1,400
- Cosnaíonn táillí dola €42 gach lá

Ríomh gach ceann díobh seo a leanas. Taispeáin do chuid oibre agus lipéadaigh gach mír den chostas go soiléir.

(i) An costas iomlán ar shaothar (ÁSPC an fhostóra san áireamh) le haghaidh lá amháin.

(ii) An costas iomlán ar dhíosal le haghaidh lá amháin.

(iii) An costas iomlán ar árachas mótair, ar cháin mhótair agus ar dheisiúcháin mhótair le haghaidh lá amháin.

(iv) An costas iomlán ar iompar le haghaidh lá amháin.

(28)

**(B)** Tá FEARNAMBONN Teo. ag smaoineamh ar thrí stór réigiúnacha a bhunú, i gCúige Laighean, i gCúige Mumhan agus i gCúige Uladh.

(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le stórtha réigiúnacha a bhunú.

(ii) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le stórtha réigiúnacha a bhunú.

(12)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair LEICT Teo., cuideachta leictreachais, ar an 31 Nollaig 2015. Is é 400,000 gnáthscair ar €1 an ceann an Scairchaipiteal Údaraithe.

| **COMHARDÚ TRIALACH LEICT Teo. ar 31 Nollaig 2015** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus díolacháin | 165,000 | 318,000 |
| Stoc tosaigh 01/01/2015 | 10,200 | |
| Dleacht iompórtála | 11,000 | |
| Cíos infhála | | 17,000 |
| Pá | 60,000 | |
| Solas agus teas | 14,000 | |
| Carraeireacht amach | 7,600 | |
| Díbhinní íoctha | 8,100 | |
| Cúlchistí (comhardú brabúis agus caillteanais) | | 16,000 |
| Trealamh | 220,000 | |
| Veaineanna mótair | 180,000 | |
| Airgead tirim | 6,000 | |
| Rótharraingt bainc | | 12,400 |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 34,000 | 30,500 |
| Iasacht 20 bliain | | 52,000 |
| Scairchaipiteal eisithe | | 270,000 |
| | 715,900 | 715,900 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Leithghabhála Trádála**, **Brabúis agus Caillteanais** LEICT Teo. a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 agus **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar dáta sin.
Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar 31 Nollaig 2015:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Stoc deiridh | €11,500 | |
| (ii) | Cíos infhála réamhíoctha | € 2,100 | |
| (iii) | Pá dlite | € 3,000 | |
| (iv) | Solas agus teas dlite | € 2,500 | |
| (v) | Dímheas: | Trealamh | 10% |
| | | Veaineanna mótair | 12% |

(35)

**(B)** Ríomh an ráta díbhinní ag baint úsáide as an bhfoirmle seo

$$\frac{\text{Díbhinní Íoctha}}{\text{Scairchaipiteal eisithe}} \times \frac{100}{1}$$

(5)
**(40 marc)**

5. **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Airgid Anailísithe agus le Monatóireacht ar Fhorchostais**.

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

**(A)** Ullmhaigh Leabhar Airgid Anailísithe LÓNADÓIREACHT UÍ ÓGÁIN Teo. ó na sonraí leagtha amach thíos.

Bain úsáid as na colúin airgid seo a leanas:
**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc; Féichiúnaithe
**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Banc; Veain; Pá; Comhábhair; Bailiú Dramhaíola

| Dáta | Beart | Admháil Uimh. | Modh Íocaíochta | Méid € |
|---|---|---|---|---|
| 1/5/2016 | Iarmhéid sa bhanc | | | 3,000 |
| 2/5/2016 | D'íoc as comhábhair | | Visa Dr | 3,400 |
| 3/5/2016 | D'íoc pá | | Pá-chonair | 1,700 |
| 7/5/2016 | D'íoc as díosal | | Visa Dr | 600 |
| 10/5/2016 | D'íoc as bailiú dramhaíola | | Visa Dr | 450 |
| 12/5/2016 | Fuarthas ó Spang Teo. | 1 | | 3,900 |
| 12/5/2016 | D'íoc as árachas veain | | Visa Dr | 1,100 |
| 14/5/2016 | D'íoc as díosal | | Visa Dr | 500 |
| 17/5/2016 | D'íoc pá | | Pá-chonair | 1,300 |
| 20/5/2016 | D'íoc as comhábhair | | Visa Dr | 2,800 |
| 22/5/2016 | Fuarthas ó Ó Ceallaigh Teo. | 2 | | 3,700 |
| 25/5/2016 | D'íoc as bailiú dramhaíola | | Visa Dr | 700 |
| 31/5/2016 | D'íoc pá | | Pá-chonair | 1,450 |

(18)

**(B)** *Ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo* tá tábla páirt-chomhlánaithe a thaispeánann Forchostais Bhuiséadaithe do mhí na Bealtaine 2016.

(i) Comhlánaigh an Colún **Iarbhír** agus úsáid na hiomláin ar thaobh na nÍocaíochtaí den Leabhar Airgid Anailísithe i gcuid (A).
Comhlánaigh an colún dar teideal **Difríocht** chun an difríocht idir na figiúirí **Iarbhír** agus na figiúirí **Buiséadaithe** a thaispeáint.

(ii) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos mó** ná na figiúirí buiséadaithe agus tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an difríocht **i ngach cás** *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iii) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos lú** ná na figiúirí buiséadaithe agus tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an difríocht i **ngach cás** *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.* (16)

**(C)** Luaigh **trí** chúis a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht monatóireacht a dhéanamhar a fhorchostais *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*. (6)

**(40 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Cineál Úinéireacht Ghnó agus Cur Chun Cinn Díolachán**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

D'fhág a n-uncail ceithre theach ar Bhóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh, ag Aodhán Ó Cionnaith agus a dheirfiúr, Máirín. Bhí na tithe suite gar don ollscoil, don ospidéal agus do lár na cathrach. Dúirt cairde leo nach mbeadh fadhb ar bith acu iad a ligean amach ar cíos ach iad a bheith nuachóirithe. Toisc nach raibh mórán taithí acu ar chúrsaí gnó bhí freagraí ar roinnt ceisteanna de dhíth orthu.

Bhí siad éiginnte faoin chineál úinéireacht ghnó ba chóir dóibh a úsáid. Theastaigh uathu a fháil amach freisin cén bealach ab fhearr leis na tithe a chur chun cinn i measc mac léinn, lucht saoire agus daoine eile.

**(A)** Mínigh **dhá** shlí a bhféadfadh Aodhán agus Máirín na tithe a chur chun cinn i measc tionóntaí féideartha. (8)

**(B)** Mínigh an téarma 'comharchumann' agus tabhair **dhá** shampla. (8)

**(C)** Déan comparáid idir trádálaithe aonair agus cuideachtaí príobháideacha teoranta mar chineálacha úinéireacht ghnó faoi na **trí** cheannteideal seo a leanas:

Úinéireacht

Dliteanas

Brabúis

(12)

**(D)** Ar 1 Bealtaine 2016 fuarthas an t-eolas seo a leanas i suirbhé ar Chineálacha Úinéireacht Ghnó a rinneadh i mbaile i lár na tíre.

| **Cineálacha Úinéireacht Ghnó** | **Líon** |
|---|---|
| Trádálaithe Aonair | 16 |
| Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta | 12 |
| Comharchumainn | 8 |
| Cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit | 4 |

Léirigh an t-eolas seo ar bharrachairt. *Bain úsáid as an ngrafpháipéar ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(12)

**(40 marc)**

Leathanach Bán

**STAIDÉAR GNÓ – PÁIPÉAR II 2016**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo**: ☞ [ ]

**Le húsáid le C.2 (A)** (i)

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |

**Le húsáid le C.2 (A)** (ii)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **COISBHEART Teo., Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo.** | | **SONRASC Uimh. 37** | |
| Teileafón: 094 264691 | | Cláruimhir CBL IE 8799654 | |
| Chuig: | | Dáta: ____________________<br>D'Uimh. Ordaithe: **56** | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| **CAINNÍOCHT** | **SONRAÍ** | **PRAGHAS AN CEANN €** | **IOMLÁN €** |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | Iomlán (Gan CBL san áireamh) | |
| | | Lascaine Thrádála | |
| | | Fo-iomlán | |
| | | CBL | |
| E & EE | | Iomlán (CBL san áireamh) | |

**Le húsáid le C.2 (B)** (i)

| | |
|---|---|
| **Comhairle** | |
| | |

**Le húsáid le C.2 (B)** (ii)

| | |
|---|---|
| **Méid na hAisíocaíochta** | Obair |
| € | |

**Le húsáid le C.2 (B)** (iii)

**Leabhar na nAischur Isteach de chuid COISBHEART Teo.**

| Dáta | Sonraí | Nóta Creidmheasa Uimh. | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

**CUIR AN BHILEOG SEO AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR LE DO THOIL**

## STAIDÉAR GNÓ – PÁIPÉAR II 2016

**Scríobh do Scrúduimhir anseo**: ☞ [ ]

**Le húsáid le C.5 (B)** (i)

**Forchostais Ghnó do mhí na Bealtaine 2016**

| Forchostais | Buiséadaithe € | Iarbhír € | Difríocht € |
|---|---|---|---|
| **Veain** | **2,300** | | |
| **Pá** | **5,000** | | |
| **Comhábhair** | **5,500** | | |
| **Bailiú Dramhaíola** | **700** | | |

**Le húsáid le C.5 (B)** (ii)

| Forchostais Iarbhír **níos mó ná figiúirí buiséadaithe** | **Cúiseanna féideartha** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |


**Le húsáid le C.5 (B)** (iii)

| Forchostais Iarbhír **níos lú ná figiúirí buiséadaithe** | **Cúiseanna féideartha** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**Le húsáid le C.5 (C)**

| | |
|---|---|
| **Cúis 1** | |
| **Cúis 2** | |
| **Cúis 3** | |

**Le húsáid le C.6 (D)**



**CUIR AN BHILEOG SEO AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**